GX 1259

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

An Tríú Scrúdú Ollscoile 1999-2000

Seimeastar II

Stair

HI 344 NA BALCÁIN LE LINN AOIS AN NÁISIÚNACHAIS

O. Dudley Edwards
N. Canny
W. O'Reilly

Am a Cheadaítear: Dhá Uair an Chloig
Freagraítear: **Trí** Cheist, ar a laghad **AON CHEIST AMHÁIN** as gach Roinn

ROINN A

1 **Cén chaoi a ndearna an léamh a bhí ag na hOtamánaigh ar an bhféiniúlacht eitneach, ar an gcomhcheangal, agus ar an impireacht, agus an léamh éagsúil a bhí ag na Habsburgaigh orthu seo, 1700-1815, idéanna an náisiúnachais sna Balcáin a mhúnlú don todhchaí?**

2 **Cén chaoi a ndearna choinceapanna iarthar na hEorpa ar an náisiúnachas a sheachadadh chun na mBalcán, agus a mhúnlú sna Balcáin sa naoú céad déag?**

3 **Má tháinig athrú ar smaointeoireacht Eagnaíochta agus ar smaointoireacht réabhlóide an ochtú aois déag i gcomhthéacs na mBalcán, an féidir an rud céanna a rá maidir le choinceapanna Réabhlóidí 1848?**

Iompaigh le do thoil

4 **Cén t-athrú a tháinig ar shuim na 'gCumhachtaí Móra' sna Balcáin tar éis 1856?**

5 **Cén fáth ar chlis ar ghluaiseachtaí leasúcháin sa Mhacadóin agus sa Bhoisnia-Heirseagaivéin sa dara leath den naoú haois déag?**

6 **Déan trácht ar an náisiúnachas sa tSeirbia ón *Nacertanije* go dtí deireadh an Dara Cogadh Balcánach (1913).**

7 **Maidir le tús an Chéad Chogaidh Dhomhanda, cé mhéad den mhilleán ba cheart a leagan ar imeachtaí sna Balcáin, seachas ar an teannas san Eoraip i gcoitinne?**

ROINN B

8 **Cén fáth a raibh tóir ar thuairimí Woodrow Wilson agus ar thuairimí Vladimir Lenin, tuairimí a tháinig salach ar a chéile, ag pobail na mBalcán, i ndiaidh 1917?**

9 **"The essence of the problem, as we see it, consists in the fact that, in the midst of the nations among whom the Jews reside, they form a heterogeneous element which cannot be assimilated, which cannot be readily digested by any nation. Hence the problem is to find means of so adjusting the relations of this exclusive element to the whole body of the nations that there shall never be any further basis for the Jewish Question."**

> **(Leon Pinsker, "Auto-Emancipation: An Admonition to His Brethern by A Russion Jew" [1882], New York: Federation of American Zionists, 1916)**

Ar chóir dúinn breathnú ar na Giúdaigh mar náisiún 'Balcánach', 1800-1939?

10 **An frithghiúdachas áitiúil a bhí á chur in iúl le dúnmharú na nGiúdach sna Balcáin nó an iomrall a bhí ann a tháinig isteach le fórsaí forghábhálacha na Gearmáine?**

11 **Déan trácht ar a ndearna rialtais na mBalcán i bhfreagairt ar dhúshláin an Naitsíochais agus an Chumannachais, 1933-1945.**

12 **Cén chaoi ar dhiall polaitíocht na Rómáine i rith an 'Chogaidh Fhuair' ón mbuanchruth de dhomhan dépholach le dhá Shárchumhacht agus a gcuid fochumhachtaí?**

13 **"From the beginning of the Tito regime, the Serbs had many grievances, but these could not be expressed until after Tito's death."**

(Alex N. Dragnich, "The Rise and Fall of Yugoslavia: The Omen of the Upsurge of Serbian Nationalism", *East European Quarterly*, 23/2, Meitheamh 1989, l. 183-198).

Cén fáth ar mheas na Seirbigh go raibh siad faoi mhíbhuntáiste san Iúgslaiv, 1945-1989?

14 **An bhfuil athrú tagtha ar ionad na mban i bpobail thuata agus i gcumainn chrábhaidh sna Balcáin, de bharr na n-ainghníomhartha a nochtaíodh in aghaidh na mban, sa Bhoisnia-Heirseagaivéin, ach go háirithe?**

15 **"Equally, the concept of 'autonomous province', a state form chosen for areas of mixed population, is not really applicable to Kosovo with its overwhelming Albanian majority: in this respect Kosovo is more like the other republics than it is like Vojvodina." [Iúil 1983]**
(Branka Magas, *The Destruction of Yugoslavia: Tracing the Break-Up*, 1980-92, Verso, Londain, 1993, l. 17-18)

Cé chomh dosheachanta a bhí an ghéarchéim faoin gCosaiv?